# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An tSraith Shóisearach, 2022

# Scéim Mharcála

# Gaeilge T2

# Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Léiriú ginearálta ar ghnéithe cáilíochta.**

Bá chóir an t-ábhar a chuirtear i láthair an scrúdaitheora a mheas faoi na critéir seo a leanas:

**Fócas**: - Cén iarracht atá déanta ag an iarrthóir an cheist / an tasc a iarradh air/uirthi a fhreagairt?

**Smaointe**: - Cén iarracht atá déanta smaointeoireacht dhomhain a chur in iúl, mar shampla ard-smaointeoireacht, castacht na smaointeoireachta, úrnuacht na smaointeoireachta, srl?

**Forbairt**: - Cén iarracht atá déanta ag an iarrthóir tuairimíocht dhomhain a phlé, ábhar spreagtha san áireamh?

**Comhleanúnachas**: - Cén iarracht atá déanta ag an iarrthóir cloí leis an gceist / an tasc, agus an bhfuil eagar maith ciallmhar ar an bhfreagra scríofa, mar shampla ailt, camóga in úsáid, srl?

**Léiriú**: - Cé chomh líofa agus soiléir is atá teanga an iarrthóra? An bhfuil abairtí soiléire agus ciallmhara ann? An bhfuil botúin ghramadaí ann? Cén tuiscint atá léirithe maidir le feasacht teanga, tuiscint ar phatrúin agus ar chomhréir na teanga? Srl.

**Sainréim teanga**: - Cén iarracht atá déanta ag an iarrthóir sainréim teanga chuí a úsáid / teilgean cainte / teanga fhoirmiúil – neamhfhoirmiúil a úsáid atá oiriúnach don tasc.

**Cruthaitheacht**: - An bhfuil cruthaitheacht atá oiriúnach don tasc le sonrú? Cén iarracht atá déanta ag an iarrthóir a mhachnamh agus scríbhneoireacht chruthaitheach a léiriú? Srl.

**Litriú agus poncaíocht**: - Cé chomh cruinn is atá litriú agus poncaíocht an iarrthóra?

| Leibhéal na bhFreagraí | Na Gnéithe Cáilíochta |
|---|---|
| **Ard** | I bhfreagra an iarrthóra beidh:<br>• Fócas leanúnach ar an gceist / tasc a bhfuiltear gafa leis<br>• Smaointe léirithe atá úrnua, léirsteanach, ard-mhachnamhach, a thaispeánann cumas agus cruthaitheacht nuair is gá<br>• Forbairt chumasach ar smaointe, agus úsáidfear ábhar tacaíochta go minic agus go cruinn<br>• An t-eolas eagraithe go han-éifeachtach agus struchtúr ciallmhar soiléir air<br>• Sainréim teanga atá ábhartha don tasc in úsáid go leanúnach agus an-tuiscint léirithe tríd síos<br>• Saibhreas teanga curtha in iúl ar bhealach an-éifeachtach agus líofa a léireoidh úsáid sciliúil, uaillmhianach teanga<br>• Litriú, poncaíocht agus gramadach in úsáid ar chaighdeán an-ard<br>• Saibhreas teanga le stór focal fairsing a léireoidh an-tuiscint ar an gceist. |
| **Meán** | I bhfreagra an iarrthóra beidh:<br>• Fócas ó am go chéile ar an gceist / tasc a bhfuiltear gafa leis ach beidh an fócas imithe ar strae uaireanta freisin<br>• Smaointe atá oiriúnach don tasc, machnamhach go maith agus cumas le sonrú iontu<br>• Roinnt forbartha déanta ar smaointe agus úsáidfear ábhar tacaíochta anois agus arís<br>• Ord, eagar agus struchtúr réasúnta ann, mar shampla ailt, srl. – ach ní tríd síos<br>• Sainréim teanga atá ábhartha don tasc in úsáid – ach ní tríd síos<br>• Teanga réasúnta saibhir in úsáid agus tuiscint mhaith curtha in iúl ar bhealach réasúnta soiléir agus ábalta, a léireoidh úsáid chiallmhar teanga<br>• Litriú, poncaíocht agus gramadach in úsáid ar chaighdeán maith – ach gan a bheith saor ó locht<br>• Stór focal dóthanach a léiríonn tuiscint mhaith ar an gceist. |
| **Íseal** | I bhfreagra an iarrthóra beidh:<br>• Streachailt le freagra a thabhairt ar an gceist / tasc a bhfuiltear gafa leis, beidh go leor botún ann, beidh an freagra ag brath ar achoimre, ní léireofar tuiscint<br>• Smaointe loma nach bhfuil soiléir, eolas nach mbaineann leis an tasc, beagán machnaimh déanta agus tuiscint lag léirithe<br>• Fíor-bheagán forbartha déanta ar smaointe agus ní úsáidfear ábhar tacaíochta go cruinn, go minic ná ar chor ar bith<br>• Easpa tuisceana ar eagar agus ar struchtúr na teanga, an obair míshlachtmhar, mí-eagraithe agus doiléir go minic<br>• Teanga theoranta bhriste in úsáid, easpa feasachta ar chomhréir agus ar phatrúin na teanga, easnaimh bhunúsacha tríd síos<br>• Teanga theoranta curtha in iúl ar bhealach doiléir<br>• Litriú, poncaíocht agus gramadach in úsáid ar chaighdeán íseal – go leor lochtanna tríd síos<br>• Stór focal teoranta le bearnaí móra agus botúin leanúnacha. |

# Grádú Gaeilge na Sraithe Sóisearaí

| **Grád** | **Raon %** | **Raon Marcanna** |
|---|---|---|
| Gradam | ≥90 go <100 | 243 go 270 |
| Ard-Tuillteanas | ≥75 go <90 | 203 go 242 |
| Tuillteanas | ≥55 go <75 | 149 go 202 |
| Gnóthaithe | ≥40 go <55 | 108 go 148 |
| Páirt-Ghnóthaithe | ≥20 go <40 | 54 go 107 |
| (Gan Ghrádú) | ≥0 go <20 | 0 go 53 |

## Treoracha

Tá **dhá** roinn sa pháipéar seo.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Roinn A | 60 marc | Cluastuiscint | 3 cheist |
| Roinn B | 210 marc | Léamh agus Ceapadóireacht | 6 cheist |

Freagair gach ceist.

Bíodh na freagraí i nGaeilge ach amháin nuair nach gá é sin.

Níl gach ceist ar cómharc. Luaitear líon na marcanna do gach ceist ag barr na ceiste.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ar fáil dóibh sa fhreagarleabhar seo. Ní gá go mbainfeá úsáid as an spás ar fad atá ar fáil. Tá spás sa bhreis ar chúl an fhreagarleabhair. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus le cuid na ceiste.

**Nóta don scrúdaitheoir:**

Le linn na marcála ní mór chloí go dlúth leis an Scéim seo, le cibé leasuithe a dhéanfar uirthi ag an gComhdháil Mharcála, agus le cibé treoracha eile a thabharfar ag an gComhdháil nó ina dhiaidh sin.

Ní mór don Scrúdaitheoir an mharcáil ar na freagarleabhair a dhéanamh i ndúch dearg. Ní mór líne dhearg a tharraingt faoi na botúin chun iad a mharcáil. (Níl ceartú i gceist).

Ní mór na marcanna a bhronntar ar fhoranna éagsúla na gceisteanna agus na bhfocheisteanna (de réir mar a áireofar ag an gComhdháil iad) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar na freagarleabhair.

Ní ceart don Scrúdaitheoir aon rud a scríobh i gcorp an fhreagarleabhair ach amháin marcanna, comharthaí, ticeanna, línte, srl.

Dírítear aird an Scrúdaitheora ar a bhfuil i gceist sna treoracha ar **lch 17 - 20** den cháipéis seo maidir le hiarrthóirí a bhfuil socruithe réasúnta ceadaithe dóibh.

| **Roinn A** | **Cluastuiscint** | **60 marc** |
|---|---|---|

**Ceist 1** (20) **(20 marc)**

Cloisfidh tú píosa cainte sa cheist seo. Cloisfidh tú an píosa cainte **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta agus tar éis an dara héisteacht.

**(a)** Cén pictiúr a théann leis an bpíosa cainte seo? Cuir **tic** (✓) leis an bpictiúr ceart.



[√] **= 5 mharc** ☐ ☐ ☐

**(b)** Cén bhliain ina bhfuil Áine ar scoil?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

Sa dara bliain ☐
Sa tríú bliain [√] **= 5 mharc**
Sa cheathrú bliain ☐

**(c)** Cén comórtas sa chamógaíocht a bhuaigh Áine anuraidh?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

Craobh an Chontae [√] **= 5 mharc**
Craobh na hÉireann ☐
Craobh na Scoile ☐

**(d)** Cén fáth ar baineadh Áine den pháirc roimh dheireadh an chluiche?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

Bhí a camán briste. ☐
Bhí a lámh briste. ☐
Bhí a cos briste. [√] **= 5 mharc**

**Ceist 1 = 20 marc**

**20**

**Ceist 2** (20) **(20 marc)**

Cloisfidh tú fógra sa cheist seo. Cloisfidh tú an fógra **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta **agus** tar éis an dara héisteacht.

**(a)** Cén contae atá luaite sa phíosa seo?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

Contae an Dúin ☐
Contae Doire ☐
Contae Dhún na nGall ☑ **= 5 mharc**

**(b)** Cén t-am a thosóidh an seisiún ceoil?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

6.00 p.m. ☐
6.30 p.m. ☑ **= 5 mharc**
8.00 p.m. ☐

**(c)** Luaigh uirlis **amháin** cheoil atá luaite san fhógra seo.

Bodhrán / fidil / giotár **= 5 mharc**

**(d)** Cé mhéad a chosnóidh cúig rang ceoil?

Céad euro / €100 **= 5 mharc**

**<u>Ceist 2 = 20 marc</u>**


**20 + 20 = 40**


**Ceist 3** (20) **(20 marc)**


Cloisfidh tú comhrá sa cheist seo. Cloisfidh tú an comhrá **faoi dhó**. Cloisfidh tú an comhrá ó thús deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú ina **dhá** mhír é. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.


**Mír 1**

**(a)** Cén rud ba mhaith le Ruairí a cheannach? Cuir **tic** (✓) leis an bpictiúr ceart.







☐ | √ **= 5 mharc** | ☐ | ☐

**(b)** Cé mhéad airgid atá á lorg ag Ruairí? Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

€78 ☐

€80 √ **= 5 mharc**

€88 ☐

**Mír 2**

**(c)** Luaigh ábhar **amháin** scoile a bhfuair Ruairí teip ann.

*Mata / Eolaíocht / Béarla* **= 5 mharc**

**(d)** Scríobh síos rud **amháin** a dhéanfaidh Ruairí má thugann a Mham seans eile dó.

*Déanfaidh sé staidéar gach oíche / Glanfaidh sé a sheomra / Nífidh sé na gréithe gach lá*

*obair bhaile / staidéar.* **= 5 mharc**

**Ceist 3 = 20 marc**

**40 + 20 = 60**

| Roinn B | Léamh agus Ceapadóireacht | 210 marc |
|---|---|---|

**Ceist 4** (20) **(20 mharc)**

Léigh an **fógra** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

## SplancTeic Chorcaí



**Sladmhargadh mór ar siúl**

**Lacáiste 50%**



**Déan uasghrádú anois:**

**Ríomhairí    Fóin Phóca    Printéirí**

***Na margaí is fearr ar fáil anseo***

**Cabhróidh Dara Ó Sé, Rí na Ríomhairí, leat**

- ríomhaire a chur ag obair
- ceangal idirlín a shocrú
- ríomhphoist a fháil agus a sheoladh
- Zoom agus TikTok a úsáid



Ó €560



Ó €450



Ó €399

SplancTeic Chorcaí, 186 Sráid an Chapaill Bhuí, Corcaigh
Tuilleadh eolais ar Facebook nó ó www.splancteicchorcai.com

**(a)** Cuir in iúl cé acu **fíor** nó **bréagach** atá na habairtí seo a leanas.
Cuir **tic** (✓) sa bhosca ceart.

| | | Fíor | Bréagach | |
|---|---|---|---|---|
| **(i)** | Tá an siopa seo suite i gCorcaigh. | √ | | **= 2 mharc** |
| **(ii)** | Níl fóin phóca ar díol sa siopa. | | √ | **= 2 mharc** |
| **(iii)** | Tá caife ar díol sa siopa seo. | | √ | **= 2 mharc** |
| **(iv)** | Tá ríomhairí glúine ar díol ar €250. | | √ | **= 2 mharc** |
| **(v)** | Tá lacáiste 50% ar fáil. | √ | | **= 2 mharc** |

**(b)** Luaigh sampla **amháin** den chabhair atá ar fáil ó Dhara Ó Sé.

*ríomhaire a chur ag obair / ceangal idirlín a shocrú*
*ríomhphoist a fháil / ríomhphoist a sheoladh / Zoom a úsáid / TikTok a úsáid* **= 5 mharc**

**(c)** Conas is féidir tuilleadh eolais a fháil?

*Facebook / www.splancteicchorcai.com* **= 5 mharc**

**<u>Ceist 4 = 20 mharc</u>**

**60 + 20 = 80**

**Ceist 5** (20) **(20 marc)**

Léigh an fógra seo.




**FÓGRA**

Buail le **Sam Bennett**

Siopa Rothar Uí Cheallaigh,
Carraig na Siúire, Co Thiobraid Árainn.
Déardaoin, 30 Meitheamh 2022

Beidh an rothaí cáiliúil sa siopa idir 3.00 p.m. agus 5.00 p.m.
Cead isteach saor in aisce

***Bígí ann!***

Scríobh **teachtaireacht** chuig cara leat ag insint dó/di faoi chuairt Sam Bennett ar an siopa. Tabhair **cuireadh** dó/di teacht leat chun bualadh leis.

Moltar an measúnú a dhéanamh ar iarracht an iarrthóra **mar aonad**.

| **Leibhéal na bhfreagraí** | **Na Gnéithe cáilíochta** | Réimse marc **20 marc** |
|---|---|---|
| **Ard** | • **Is léir go bhfuil cuireadh á thabhairt ag an iarrthóir sa teachtaireacht atá bunaithe ar an bhfógra thuas**<br>• **4 phointe luaite**<br>• Tuiscint shoiléir léirithe<br>• Tagairtí maithe don bhfógra<br>• Smaointe forbartha go maith<br>• Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga gramadach / comhréir, struchtúr / briathra / ainmfhocail / aimsirí / litriú / poncaíocht. | 20 - 17 |
| **Meán** | • Scríbhneoireacht mheasartha: stór focal measartha<br>• **3-4 phointe luaite**<br>• Tuiscint réasúnta léirithe<br>• Tagairtí don bhfógra<br>• Smaointe measartha<br>• Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga gramadach / comhréir, struchtúr / briathra / ainmfhocail / aimsirí / litriú / poncaíocht. | 16 - 10 |
| **Íseal** | • **1-4 phointe luaite**<br>• Iarracht ar achoimre ar na pointí<br>• Eolas bearnach nó míchruinn nó lochtach<br>• Cumas lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga gramadach / comhréir, struchtúr / briathra / ainmfhocail / aimsirí / litriú / poncaíocht. | 9- 0 |

**Ceist 5 = 20 marc**

**80 + 20 = 100**

**Ceist 6** (30) **(30 marc)**


Léigh an **fógra** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.



# Béilí sa Bhaile

**Bia chuig do theach**

## Ag freastal ar cheantar Dhún Laoghaire
## Contae Bhaile Átha Cliath



## Bia blasta ar phraghas réasúnta

**Bia**

- Suipéar Sicín, Prátaí agus Glasraí €7.99
- Iasc agus Sceallóga €6.99
- Sailéad Bia Mara €5.99
- Curaithe €7.00
- Spaigití Bolognaise €6.99
- Píotsa: roghanna éagsúla ó €5.50
- Burgar Mairteola, Sicín nó Glasraí €6.00

**Deochanna**

- Cannaí €1.25
- Buidéil mhóra €3.00
- Uisce €1.00
- Sú Oráiste agus Úll €1.50

**Milseoga blasta**

- Pióg Úll €3.50
- Císte Cáise €4.00
- Uachtar Reoite €2.50
- Cáca Seacláide €4.00

***Ag cócaireacht duit seacht lá na seachtaine***

Táimid sásta freastal ar thithe atá laistigh de raon 20km *nó* is féidir béilí a bhailiú díreach ón mbialann freisin.

**Béilí sa Bhaile, 46a An Phríomhshráid, Dún Laoghaire**

Biachlár iomlán agus praghsanna le feiceáil ar líne ag: www.beilisabhaile.ie

Tuilleadh eolais ar Facebook nó glaoigh ar 01-2801616

**(a)** Cén sórt áite 'Béilí sa Bhaile'?

*Bialann / siopa bia / comhlacht lónadóireachta* **= 3 mharc**
*Siopa Béilí sa Bhaile/ bia chuig do theach / cistin*

**(b)** Cá dtabharfaidh 'Béilí sa Bhaile' an bia?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

Chuig do theach [√] **= 3 mharc**

Chuig an scoil [ ]

Chuig an trá [ ]

**100 + 30 = 130**

**(c)** Cad a deirtear faoi phraghas an bhia san áit seo?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

Tá na praghsanna saor. ☐
Tá na praghsanna daor. ☐
Tá na praghsanna réasúnta. ☑ **= 3 mharc**

**(d)** Cén praghas atá ar Iasc agus Sceallóga?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

€6.99 ☑ **= 3 mharc**
€7.99 ☐
€8.99 ☐

**(e)** Luaigh deoch **amháin** atá ar fáil.

*Cannaí / Buidéil mhóra / Uisce / Sú / Oráiste / Sú Úll* **= 3 mharc**

**(f)** Cén mhilseog atá ar fáil ar €2.50?

*Uachtar Reoite* **= 3 mharc**

**(g)** Cé mhéad lá sa tseachtain a bhíonn 'Béilí sa Bhaile' ar oscailt?

*Seacht lá / 7* **= 3 mharc**

**(h)** Cá háit a bhfuil an biachlár iomlán le feiceáil?

*Ar líne / www.beilisabhaile.ie* **= 3 mharc**

**(i)** Cén seoladh atá ag Béilí sa Bhaile?

*46a An Phríomhshráid, Dún Laoghaire.* **= 3 mharc**

**(j)** Roghnaigh an bia, an deoch agus an mhilseog ab fhearr leat féin ón bhfógra thall.

**Bia amháin**: *Sicín / Prátaí / Glasraí / Iasc / Sceallóga / Sailéad / Curaithe / Spaigití Bolognaise / Píotsa / Burgar.*

**Deoch amháin**: *Cannaí / Buidéil mhóra / Uisce / Sú Oráiste / Sú Úll.* **= 1 + 1 + 1 = 3 mharc**

**Milseog amháin**: *Pióg Úll / Císte Cáise / Uachtar Reoite / Cáca Seacláide.*

**Ceist 6 = 30 marc**

**Ceist 7** (80) **(80 marc)**

Léigh an píosa seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

## Greta Thunberg ag athrú an domhain

**1.** Tá clú agus cáil ar Greta Thunberg ar fud an domhain. Rugadh Greta i Stócólm sa tSualainn ar 3 Eanáir 2003. Is amhránaí ceoldrámaíochta í a máthair agus is aisteoir é a hathair. Nuair a bhí Greta ina páiste óg ar scoil, chonaic sí scannán faoin mbruscar sna farraigí ar fud an domhain. Chuir an scannán ag caoineadh í.

**2.** Bhí a fhios ag Greta gur cheart di rud éigin a dhéanamh faoi dhrochstaid na timpeallachta sa domhan inniu. Nuair a bhí sí 15 bliana d'aois, bhuaigh sí comórtas scríbhneoireachta faoin athrú aeráide. Shocraigh sí ansin labhairt amach go láidir faoin athrú aeráide. Ba mhaith léi insint do na polaiteoirí faoin dainséar do dhaoine, d'ainmhithe agus don dúlra. Rinne sí fógra mór agus na focail 'Stailc Scoile ar son na hAeráide' scríofa air sa tSualainnis. D'fhan Greta lena fógra taobh amuigh de Theach Parlaiminte na Sualainne ar feadh trí seachtaine.

**3.** Níorbh fhada go raibh guth agus scéal Greta le cloisteáil ar fud an domhain ar an nuacht, ar *Facebook* agus ar *Instagram*. D'iarr Greta ar an aos óg timpeall an domhain cabhrú léi scéal mór a dhéanamh den athrú aeráide. Thosaigh daoine óga i ngach tír ag éisteacht léi. Chuaigh na mílte dalta in Éirinn agus i dtíortha eile ar stailc lae ón scoil. Chuaigh siad amach ar na sráideanna agus d'iarr siad ar na polaiteoirí stop a chur leis an athrú aeráide.

**4.** Níl Greta sásta taisteal ar eitleáin. Cuireann eitleáin a lán carbóin san atmaisféar agus déanann sé sin dochar mór don phláinéad. Sa bhliain 2019, thaistil Greta go Meiriceá ar bhád seoil le labhairt faoin athrú aeráide. Thaistil sí go dtí an Spáinn ina dhiaidh sin ar bhád seoil eile. Thóg an turas sin trí seachtaine. Thaispeáin Greta don saol mór gur féidir taisteal ar fud an domhain gan dochar a dhéanamh don timpeallacht. Dar le Greta go bhfuil todhchaí an domhain ag brath ar gach duine againn.

**Gluais**: athrú aeráide: *climate change*. timpeallacht: *environment*. todhchaí: *future*.

**(a)** Cén bhliain a rugadh Greta Thunberg? (Alt 1)

***2003/ abairt a dó*** **= 8 marc**

**(b)** Cad a bhí le feiceáil sa scannán a chonaic Greta ar scoil? (Alt 1)

***Bruscar sna farraigí /abairt a ceathair*** **= 8 marc**

**(c)** Cén aois a bhí ag Greta nuair a bhuaigh sí an comórtas scríbhneoireachta? (Alt 2)

***15 bliana d'aois / 15 / abairt a dó*** **= 8 marc**

**(d)** Cá fhad a d'fhan Greta lena fógra taobh amuigh de Theach na Parlaiminte? (Alt 2)

***Trí seachtaine / 3 seachtaine / abairt a sé*** **= 8 marc**

**130 + 80 = 210**

**(e)** Luaigh áit **amháin** a raibh guth agus scéal Greta le cloisteáil. (Alt 3)

***Ar an nuacht / ar Facebook / ar Instagram.*** **= 8 marc**

**(f)** Conas a thaisteal Greta go Meiriceá? (Alt 4)

***Ar bhád (seoil)*** **= 8 marc**

**(g)** Tá Greta Thunberg ag teacht chuig do scoil. Scríobh síos ceist **amháin** le cur uirthi agus inis di rud **amháin** faoi do scoil féin.

| |
|---|
| Ceist: ***Ceist chiallmhar ar bith.*** **= 8 mharc** |
| Rud **amháin** faoi do scoil féin: ***Glac le rud ciallmhar ar bith.*** **= 8 mharc** |
| |

**(h)** Scríobh ríomhphost gairid chuig Greta Thunberg. Luaigh na pointí seo a leanas i do ríomhphost:

- pointe **amháin** eolais fút féin
- pointe **amháin** faoi fhadhb an bhruscair i do cheantar
- pointe **amháin** eolais faoi do cheantar
- rud **amháin** a dhéantar chun an bruscar a ghlanadh suas.

| **Leibhéal na bhfreagraí** | **Na Gnéithe cáilíochta** | Réimse marc **16 marc** |
|---|---|---|
| **Ard** | • **Is léir go bhfuil ríomhphost bunaithe ar na pointí thuas.**<br>• Tuiscint shoiléir léirithe<br>• Tagairtí maithe do **3-4 phointe**<br>• Smaointe forbartha go maith<br>• Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga gramadach / comhréir, struchtúr / briathra / ainmfhocail / aimsirí / litriú / poncaíocht. | 16 - 13 |
| **Meán** | • **2-4 phointe luaite**<br>• Tuiscint réasúnta léirithe<br>• Tagairtí loma do na pointí<br>• Smaointe laga<br>• Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga gramadach / comhréir, struchtúr / briathra / ainmfhocail / aimsirí / litriú / poncaíocht. | 12 - 7 |
| **Íseal** | • **1-4 phointe luaite**<br>• Iarracht ar achoimre ar na pointí<br>• Eolas bearnach nó míchruinn nó lochtach<br>• Cumas lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga gramadach / comhréir, struchtúr / briathra / ainmfhocail / aimsirí / litriú / poncaíocht. | 6 - 0 |


**Ceist 7 = 80 marc**

**Ceist 8** (25) **(25 marc)**

**(a)** Léigh na habairtí seo (1-6). Meaitseáil iad leis na pictiúir thíos.
Scríobh an uimhir cheart faoi gach pictiúr. Tá an chéad cheann déanta mar shampla duit.


**(1)** Téann daoine ag snámh anseo.
**(2)** Díoltar peitreal agus díosal do charranna anseo.
**(3)** Is féidir buidéil leighis, maisc agus smideadh a cheannach anseo.
**(4)** Bíonn bia do chait agus do mhadraí ar díol anseo.
**(5)** Ceannaítear bróga peile agus bróga reatha san áit seo.
**(6)** Bíonn stampaí ar díol anseo agus is féidir litreacha a sheoladh ann.

**(b)** Scríobh síos ainm na háite atá le feiceáil i ngach pictiúr thíos. Tá an chéad cheann déanta mar shampla duit.




Abairt: *4*

Áit: *Siopa peataí*



Abairt: ***5*** **= 3 mharc**

Áit: ***Siopa spóirt*** **= 2 mharc**



Abairt: ***2*** **= 3 mharc**

Áit: ***Stáisiún Peitril /*** **= 2 mharc**
***Garáiste***




Abairt: ***3*** **= 3 mharc**

Áit: ***Siopa poitigéara /***
***Cógaslann*** **= 2 mharc**




Abairt: ***6*** **= 3 mharc**

Áit: ***Oifig an Phoist*** **= 2 mharc**



Abairt: ***1*** **= 3 mharc**


Áit: ***Linn Snámha*** **= 2 mharc**

**Ceist 8 = 25 marc**

**210 + 25 = 235**

**Ceist 9** (35) **(35 marc)**

Is tusa duine de na daoine óga atá le feiceáil sna pictiúir thíos. Scríobh síos an scéal atá léirithe sa tsraith pictiúr. Is tusa atá ag insint an scéil.




## Ag siopadóireacht do Mhamó

Moltar an measúnú a dhéanamh ar iarracht an iarrthóra **mar aonad**.

| **Leibhéal na bhfreagraí** | **Na Gnéithe cáilíochta** | Réimse marc<br>**35 marc** |
|---|---|---|
| **Ard** | • **Scríobhann an t-iarrthóir scéal bunaithe ar na híomhánna agus ar na pointí atá luaite.**<br>• Fócas maith / Ábhar úrnua / smaointe cliste<br>• **4 phointe** forbartha go maith<br>• Soiléireacht agus léiriú cumasach / líofacht, éagsúlacht<br>• Scríbhneoireacht eagraithe go maith<br>• Litriú, poncaíocht agus gramadach (aimsirí na mbriathra, séimhiú, urú, an chlaoninsint, réamhfhocail, díochlaontaí na n-ainmfhocal, srl.) ar chaighdeán ard. | 35 - 30 |
| **Meán** | • Cuid den fócas caillte / Ábhar cuí / smaointe réasúnta<br>• Forbairt theoranta ar **3/4 phointe**<br>• Réasúnta soiléir ach lochtanna le sonrú<br>• Scríbhneoireacht eagraithe de shaghas<br>• Litriú, poncaíocht agus gramadach (aimsirí na mbriathra, séimhiú, urú, an chlaoninsint, réamhfhocail, díochlaontaí na n-ainmfhocal, srl.) in úsáid ar chaighdeán réasúnta. | 29 - 18 |
| **Íseal** | • Ag streachailt leis an bhfócas, ní soiléir go tuigeadh an cheist<br>• Iarracht forbairt a dhéanamh ar **1/4 phointe**<br>• Smaointe loma le fíor bheagán forbairt<br>• Mí néata, mí eagraithe agus doiléir<br>• Teanga theoranta bhriste<br>• Litriú, poncaíocht agus gramadach (aimsirí na mbriathra, séimhiú, urú, an chlaoninsint, réamhfhocail, díochlaontaí na n-ainmfhocal, srl.) ar chaighdeán íseal. | 0 - 17 |

**Ceist 9 = 35 marc**

**235 + 35 = 270**

## Aguisín 1

# SOCRUITHE RÉASÚNTA – Scéim Mhodhnaithe

Tá roinnt leasuithe ar an **Scéim Mharcála** le cur i bhfeidhm i gcás iarrthóirí a bhfuil socruithe speisialta, i gcás na marcála, ceadaithe ag **Coimisiún na Scrúduithe Stáit** dóibh agus a bhfuil **réiltíní** in aice lena scrúduimhreacha ar na **Leatháin Mharcála**.

Cuirtear Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM) i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- Úsáid gléas taifeadta
- Úsáid próiseálaí focal
- Úsáid scríobhaí
- Tarscaoileadh maidir le litriú agus le gnéithe áirithe den ghramadach

Déantar measúnú ar Chruinneas Gaeilge na n-iarrthóirí sin a mbaineann an Scéim Mharcála Mhodhnaithe leo as a máistreacht ar chruinnúsáid ghnéithe ainmnithe den ghramadach. Ní chuirtear botúin litrithe san áireamh.
Caithfear na gnéithe ainmnithe seo a leanas a chur san áireamh agus marc as Gaeilge á mheas agus á bhronnadh ar an iarracht: Comhréir chruinn, Cruinnúsáid na Copaile, Cruinnúsáid aimsirí na mbriathra, Cruinnúsáid na réamhfhocal…
Ní chuirtear na gnéithe seo a leanas den ghramadach san áireamh agus marc don Ghaeilge á mheas agus á bhronnadh ar an iarracht: litriú, úsáid an úraithe, úsáid an tséimhithe, aontú ainmfhocal is aidiachtaí…

**Níor chóir duit** líne a chur faoi bhotúin litriú, faoi bhotúin phoncaíochta ná faoi bhotúin ghramadaí.
**N.B.** Scríobh **S.M.M.** ag deiridh gach ceist.
**N.B.** Scríobh **S.M.M. curtha i bhfeidhm** ar chlúdach an fhreagarleabhair in aice le grid na marcanna.

### Léiriú ginearálta ar ghnéithe cáilíochta (Modhnaithe)

Bá chóir an t-ábhar a chuirtear i láthair an scrúdaitheora a mheas faoi na critéir ar seo a leanas:

**Fócas**: - Cén iarracht atá déanta ag an iarrthóir an cheist / an tasc a fiafraíodh dó/di a fhreagairt?
**Smaointe**: - Cén iarracht atá déanta smaointeoireacht dhomhain a chur in iúl, ard-smaointeoireacht, castacht na smaointeoireachta, úrnuacht na smaointeoireachta?
**Forbairt**: - Cén iarracht atá déanta ag an iarrthóir tuairimíocht dhomhain a phlé, ábhar spreagtha san áireamh?
**Comhleanúnachas**: - Cén iarracht atá déanta ag an iarrthóir cloí leis an gceist / an tasc agus an bhfuil eagar maith ciallmhar ar fhreagra scríofa, ailt, camóga a úsáid srl.
**Léiriú**: - Cé chomh líofa agus soiléir atá teanga an iarrthóra? An bhfuil abairtí soiléire agus ciallmhara ann, an bhfuil botúin ghramadaí ann. Cén tuiscint atá léirithe maidir le feasacht teanga, tuiscint ar phatrúin agus ar chomhréir na teanga?
**Sainréim teanga**: - An iarracht atá déanta ag an iarrthóir sainréim teanga chuí a úsáid / tuin / teanga fhoirmiúil – neamhfhoirmiúil a úsáid atá oiriúnach don tasc.
**Cruthaitheacht**: - An bhfuil cruthaitheacht atá oiriúnach don tasc le sonrú, cén iarracht atá déanta ag an iarrthóir a mhachnamh agus scríbhneoireacht chruthaitheach a léiriú?

**Ceist 1:** Níl aon phionós ar bhotúin sa litriú, poncaíocht easnamhach ná easpa cruinnis sa ghramadach.


**Ceist 2:** Níl aon phionós ar bhotúin sa litriú, poncaíocht easnamhach ná easpa cruinnis sa ghramadach.

**Ceist 3:** Níl aon phionós ar bhotúin sa litriú, poncaíocht easnamhach ná easpa cruinnis sa ghramadach.

**Ceist 4:** Níl aon phionós ar bhotúin sa litriú, poncaíocht easnamhach ná easpa cruinnis sa ghramadach.

**Ceist 5** 20 **(20 marc)**

Léigh an fógra seo.




**FÓGRA**

Buail le **Sam Bennett**

Siopa Rothar Uí Cheallaigh,
Carraig na Siúire, Co Thiobraid Árainn.

Déardaoin, 30 Meitheamh 2022

Beidh an rothaí cáiliúil sa siopa idir 3.00 p.m. agus 5.00 p.m.

Cead isteach saor in aisce

***Bígí ann!***

Scríobh **teachtaireacht** chuig cara leat ag insint dó/di faoi chuairt Sam Bennett ar an siopa.
Tabhair **cuireadh** dó/di teacht leat chun bualadh leis.

Moltar an measúnú a dhéanamh ar iarracht an iarrthóra **mar aonad**.

**N.B. Léirigh pointí agus eolas cruinn trí tic agus cuir ~~~ ___ mar is cóir.)**

| **Leibhéal na bhfreagraí** | **Na Gnéithe cáilíochta** | Réimse marc **20 marc** |
|---|---|---|
| **Ard** | • **Is léir go bhfuil cuireadh á thabhairt ag an iarrthóir sa teachtaireacht atá bunaithe ar an bhfógra thuas**<br>• **4 phointe luaite**<br>• Tuiscint shoiléir léirithe<br>• Tagairtí maithe don bhfógra<br>• Smaointe forbartha go maith | 20 - 17 |
| **Meán** | • Scríbhneoireacht mheasartha: stór focal measartha<br>• **3-4 phointe luaite**<br>• Tuiscint réasúnta léirithe<br>• Tagairtí loma don bhfógra<br>• Smaointe laga | 16 - 10 |
| **Íseal** | • **1-4 phointe luaite**<br>• Iarracht ar achoimre ar na pointí<br>• Eolas bearnach nó míchruinn nó lochtach | 9- 0 |

**Ceist 5 = 20 marc**

**Ceist 6** (30) **(30 marc)**

* **Níor chóir duit** litriú, poncaíocht ná gramadach a chur san áireamh nuair atá tú ag tabhairt barúil faoin gceist seo ach cuir na gnéithe ainmnithe de Chruinnúsaid na Gaeilge san áireamh.
Níl aon phionós maidir le Gaeilge lochtach, de bharr sin.

**Ceist 6 = 30 marc**

**Ceist 7** (80) **(80 marc)**

* **Níor chóir duit** litriú, poncaíocht ná gramadach a chur san áireamh nuair atá tú ag tabhairt barúil faoin gceist seo ach cuir na gnéithe ainmnithe de Chruinnúsaid na Gaeilge san áireamh.
Níl aon phionós maidir le Gaeilge lochtach, de bharr sin.

**(h)** Scríobh ríomhphost gairid chuig Greta Thunberg. Luaigh na pointí seo a leanas i do ríomhphost:

- pointe **amháin** eolais fút féin
- pointe **amháin** faoi fhadhb an bhruscair i do cheantar
- pointe **amháin** eolais faoi do cheantar
- rud **amháin** a dhéantar chun an bruscar a ghlanadh suas.

| **Leibhéal na bhfreagraí** | **Na Gnéithe cáilíochta** | Réimse marc **16 marc** |
|---|---|---|
| **Ard** | • **Is léir go bhfuil ríomhphost bunaithe ar na pointí thuas.**<br>• Tuiscint shoiléir léirithe<br>• Tagairtí maithe do **3/4 phointe**<br>• Smaointe forbartha go maith | 16 - 13 |
| **Meán** | • **2-4 phointe luaite**<br>• Tuiscint réasúnta léirithe<br>• Tagairtí loma do na pointí<br>• Smaointe laga | 12 - 7 |
| **Íseal** | • **1-4 phointe luaite**<br>• Iarracht ar achoimre ar na pointí<br>• Eolas bearnach nó míchruinn nó lochtach | 6 - 0 |

**Ceist 7 = 80 marc**

**Ceist 8** (25) **(25 marc)**

*** Níor chóir duit** litriú, poncaíocht ná gramadach a chur san áireamh nuair atá tú ag tabhairt barúil faoin gceist seo ach cuir na gnéithe ainmnithe de Chruinnúsaid na Gaeilge san áireamh.
Níl aon phionós maidir le Gaeilge lochtach, de bharr sin.

**Ceist 8 = (25 marc)**

**Ceist 9** (35) **(35 marc)**

Is tusa duine de na daoine óga atá le feiceáil sna pictiúir thíos. Scríobh síos an scéal atá léirithe sa tsraith pictiúr. Is tusa atá ag insint an scéil.

## Ag siopadóireacht do Mhamó

*** Níor chóir duit** litriú, poncaíocht ná gramadach a chur san áireamh nuair atá tú ag tabhairt barúil faoin gceist seo ach cuir na gnéithe ainmnithe de Chruinnúsaid na Gaeilge san áireamh.
Níl aon phionós maidir le Gaeilge lochtach, de bharr sin.

Moltar an measúnú a dhéanamh ar iarracht an iarrthóra **mar aonad**.

| **Leibhéal na bhfreagraí** | **Na Gnéithe cáilíochta** | Réimse marc<br>**35 marc** |
|---|---|---|
| **Ard** | • **Scríobhann an t-iarrthóir scéal bunaithe ar na híomhánna agus ar na pointí atá luaite.**<br>• Fócas maith / Ábhar úrnua / smaointe cliste<br>• 4 phointe forbartha go maith<br>• Soiléireacht agus léiriú cumasach / líofacht, éagsúlacht<br>• Scríbhneoireacht eagraithe go maith | 35 - 30 |
| **Meán** | • Cuid den fócas caillte / Ábhar cuí / smaointe réasúnta<br>• Forbairt theoranta ar 3-4 phointe<br>• Réasúnta soiléir ach lochtanna le sonrú<br>• Scríbhneoireacht eagraithe de shaghas | 29 - 18 |
| **Íseal** | • Ag streachailt leis an bhfócas, ní soiléir go tuigeadh an cheist<br>• Iarracht forbairt a dhéanamh ar 1-4 phointe<br>• Smaointe loma le fíor bheagán forbairt<br>• Mí néata, mí eagraithe agus doiléir<br>• Teanga theoranta bhriste. | 17 - 0 |

**Ceist 9 = 35 marc**